C/2026/4845

15.9.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11903 — CM / BUNGE / BTZ)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4845)

1. An 7 Meán Fómhair 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— CM Holding A/S ('CM', an Danmhairg),

— Bunge Global SA ('Bunge', an Eilvéis),

— Bałtycki Terminal Zbożowy ('BTZ', an Pholainn).

Gheobhaidh CM agus Bunge rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar BTZ.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin conartha nó aon mhodh eile.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá CM gníomhach laistigh de bhróicéireacht agra-trách tearraí, loingseoireacht bulclasta thirim, forbairt bogearraí digiteacha a bhaineann leis an tionscal talmhaíochta agus oibriú críochfort calafoirt san Eoraip,

— Is cuideachta agraghnó é Bunge atá gníomhach den chuid is mó i ndíol min olashíolta agus olaí agus olaí plandúla eile. Díolann Bunge gráinní, lena n-áirítear arbhar, cruithneacht, eorna agus táirgí meilte, amhail plúr cruithneachta, chomh maith le holashíolta neamhphróiseáilte agus táirgí eile amhail siúcra,

— Is críochfort bulclasta thirim é BTZ ag Calafort Gdynia a láimhseálann raon bulcearraí tirime.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11903 — CM / BUNGE / BTZ

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').